# Próiseas na scríbhneoireachta

## Faisnéis Tacaíochta

## Faisnéis chúlra

Tagann an sampla seo ó Rang a Dó i scoil phríomhshrutha. Tá 26 páiste sa rang, 14 chailín agus 12 bhuachaill. Rinne an múinteoir **teagasc ranga uile** agus **teagasc stáisiún i ngrúpaí** níos lú, mar is léir ón bpíosa scannánaíochta. Tá an-chur amach ag na páistí ar theagasc stáisiún laistigh de ghrúpaí níos lú.

Baintear úsáid as cur chuige sa scoil uile chun na seánraí scríbhneoireachta a theagasc, agus úsáidtear teagasc stáisiún i ngach seomra ranga sa scoil chun litearthacht a theagasc. Tá na páistí ar fad sa scoil cleachta ar oibriú i ngrúpaí beaga, ar stáisiúin rothlacha agus ar oibriú le múinteoirí eile i suíomh an tseomra ranga ó na Naíonáin Shóisearacha. Cé gurb iad an múinteoir ranga agus múinteoirí riachtanas speisialta oideachais a threoraíonn stáisiúin faoi leith, bíonn stáisiúin ann faoi threoir na bpáistí iad féin chomh maith.




## Samhail an Scaoilte freagrachta, céim ar chéim mar chur chuige sa scoil uile

Glacann an scoil le **Samhail an Scaoilte Freagrachta, Céim ar Chéim** agus na seánraí scríbhneoireachta á dteagasc. Maidir leis an Sampla reatha, ghluais an múinteoir trí Shamhail an Scaoilte Freagrachta, Céim ar Chéim mar seo a leanas.

1. I dtosach, chun an seánra insinte a chur i láthair don rang, d'fhéach na páistí ar rogha síscéalta traidisiúnta ar líne. Thug an múinteoir tuairisc ar struchtúr insinte, trí scéal/insint a léadh sa rang cheana féin a thógáil agus na codanna difriúla ann a mhiondealú; tús, lár (fadhb) agus deireadh (réiteach). Ansin chur an múinteoir insint an-simplí le chéile, ag cloí leis an struchtúr insinte. Ag an gcéim thosaigh sin, bhain na heispéiris foghlama leis an rang iomlán.

I rith na céime treoraithe, bhris an múinteoir an t-ábhar ina stáisiúin; scrúdaítear gnéithe scríbhneoireachta seánra na hinsinte i ngach stáisiún. Bhog an múinteoir ó ghrúpa go grúpa, ag treorú na bpáistí de réir mar ba ghá. Rinne na páistí piartheagasc laistigh de ghrúpaí, agus chabhraigh siad lena chéile nuair ab fhéidir leo. Mar seo a leanas a bhí na stáisiúin:

- Scéalta insinte aitheanta, The Three Little Pigs agus Cinderella, a sheicheamhú ina dtús, lár (fadhb) agus deireadh (réiteach)
- Insint neamhaithnid a léamh agus an tús, an lár agus an deireadh a aimsiú/aird a tharraingt orthu; aird a thabhairt ar an bhfadhb agus ar an réiteach uirthi
- Tús insinte a léamh agus leanúint leis an scéal trí scríobh faoi fhadhb agus faoi réiteach
- Leabhar scéalta insinte a roghnú ó rogha leabhar Read it Aloud, iniúchadh a dhéanamh ar an tús, an lár agus an deireadh, agus tuairisc ghearr a scríobh fúthu.

# Próiseas na scríbhneoireachta

## Faisnéis Tacaíochta

2. Ag an gcéim neamhspleách, chuir páistí plean i gcrích inar breathnaíodh ar charachtair, ar an suíomh agus ar an tús, lár agus deireadh, agus iad ag smaoineamh ar a n-insintí féin. Arís, trí ghrúpaí stáisiúin beaga a úsáid, d'oibrigh an rang tríd an bpróiseas scríbhneoireachta, rinne siad insintí a dhréachtú, rinne siad eagarthóireacht orthu agus rinne siad iad a athdhréachtú, go dtí go raibh siad réidh le cur i láthair.

3. Chuir na páistí go léir a n-insintí i láthair don rang i bhfoirm scríofa. Rinne roinnt de na páistí a n-insintí i bhfoirm leabhair agus é i gceist acu iad a chur i láthair dá rang féin agus a n-insintí a léamh do ranganna eile. Ar deireadh, chuir roinnt de na páistí a leabhair i láthair mar ríomhleabhair agus casadh iad don rang ar an gclár idirghníomhach. Bhí siad le cur ar fáil ar láithreán gréasáin na scoile freisin.



### Ullmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama

Rinne an múinteoir cur síos ar an tslí ar chabhraigh an t-eolas a bhí aici ar **roghanna, ábhair spéise, ábhair iontais agus cumais na bpáistí** léi bonn eolais a chur faoina hullmhúchán i gcomhair teagaisc agus foghlama. Spreagadh na páistí cuimhneamh ar a roghanna agus ábhair spéise féin agus na topaicí ar a mbunódh siad a n-insintí á roghnú acu. Ar an tslí sin, léirigh insintí na bpáistí a roghanna pearsanta féin. Ach a cuid **eolais ar na páistí agus ar inneachar** Churaclam Teanga na Bunscoile a úsáid, d'aithin sí torthaí iomchuí ón **Snáithe Scríbhneoireachta** agus fócas na foghlama nua. Is iad na torthaí sin:

| Toradh Foghlama (TF) | Fócas na foghlama nua |
|---|---|
| TF6: Cuspóir, seánra agus guth | Tarraingt agus scríobh le cuspóir agus lucht léitheoireachta ar intinn ag an scríbhneoir a fhad agus a chruthaíonn siad téacsanna i raon seánraí agus a fhorbraíonn siad guth aonair chun a gcuid smaointe, eolais agus taithí a roinnt. |
| TF7: Próiseas na scríbhneoireachta agus téacs a chruthú | Úsáid a bhaint as an bpróiseas scríbhneoireachta agus téacsanna á scríobh i gcomhar le daoine eile nó go neamhspleách. |
| TF9: Peannaireacht agus cur i láthair | Scríobh agus úsáid á baint as scríbhneoireacht reatha. |

Trí úsáid a bhaint as a cuid eolais ar **chuir chuige oideolaíochta**, rinne an múinteoir eispéiris foghlama a shaincheapadh dá réir, á nascadh le riachtanais agus cumais na bpáistí agus na dtorthaí foghlama sainaitheanta. In eispéiris foghlama bhreise a tharla ag stáisiúin litearthachta eile, díríodh ar an ngramadach, ar ghnásanna scríbhneoireachta agus ar an teanga ó bhéal.

# Próiseas na scríbhneoireachta

## Faisnéis Tacaíochta

Trí úsáid a bhaint as **eolas ar inneachar** Churaclam Teanga na Bunscoile, d'aithin an múinteoir **foghlaim theagmhasach** a bhain le torthaí foghlama eile sa **snáithe Léitheoireachta** a tharla i rith an eispéiris foghlama. Is iad na torthaí sin:

| Toradh Foghlama (TF) | Fócas na foghlama nua |
|---|---|
| TF1: Rannpháirtíocht | Sult a bhaint as éisteacht lena bpíosaí scríbhneoireachta críochnaithe á léamh ag daoine eile.<br><br>Iad féin a aithint mar léitheoirí agus a scéalta insinte críochnaithe á léamh acu sa rang. |
| TF7: Cuspóir, seánra agus guth | Freagairt do ghnéithe cruthaitheacha agus samhlaíocha téacsanna insinte. |
| TF8: Freagairt agus intinn an údair | Smaointe agus tuairimí ar a gcuid téacsanna insinte féin, agus ar chinn daoine eile, a phlé agus a roinnt. Intinn an údair a mheas agus a phlé. |

### Measúnú

Rinne an múinteoir cur síos ar mheasúnú mar **phróiseas comhoibríoch** ina raibh na páistí agus an múinteoir páirteach. Glacadh le Samhail an Scaoilte Freagrachta, Céim ar Chéim, rud a thacaigh leis an múinteoir bogadh ó ghrúpa go grúpa – **ag faire, ag cur ceisteanna chun scafláil a thabhairt don fhoghlaim** agus **ag freagairt** do pháistí ar leithligh, le tacaíocht bhreise, de réir mar ba ghá. Rinneadh na cineálacha sin de **mheasúnú iomasach** go leanúnach ar bhealach neamhphleanáilte, ach bhí siad lárnach ó thaobh tacú le dul chun cinn na bpáistí.

Agus í ag díriú ar na hinsintí críochnaithe, bhain an múinteoir úsáid as **rúibricí a cheap an múinteoir** chun dul chun cinn na bpáistí i gcruthú insintí a mheas agus a thaifeadadh. Agus sin á dhéanamh aici, scrúdaigh sí **struchtúr** a gcuid insintí, a gcumas ó thaobh fadhb agus réiteach laistigh den phlota a chur in iúl agus an úsáid a bhain siad as **teanga chruthaitheach agus thuairisciúil**. Lean an múinteoir uirthi ag úsáid an eolais sin chun aiseolas a thabhairt do na páistí ar bhealach foirmitheach chun tacú lena gcuid foghlama. Chuir an múinteoir deiseanna **féinmheasúnaithe** ar fáil freisin. Iarradh ar na páistí scrúdú a dhéanamh ar a gcuid insintí críochnaithe agus rúibricí simplí a chomhlánú bunaithe ar a gcuid scríbhneoireachta. Dá bharr sin, cuireadh deis ar fáil dóibh scrúdú níos cruinne a dhéanamh ar a gcuid oibre féin, agus láidreachtaí a scríbhneoireachta a shainaithint, chomh maith le réimsí le haghaidh feabhsaithe.

Ghlac na páistí páirt i **bpiarmheasúnú** freisin. Mhalartaigh siad a gcuid insintí críochnaithe le comhpháirtí agus chomhlánaigh siad rúibric ar an bpíosa scríbhneoireachta os a gcomhair. Scrúdaigh siad an insint ó thaobh a litrithe, lámhscríbhneoireachta agus cur i láthair, struchtúir agus gramadaí de. Chruthaigh siad '2 Réalta agus Mian' ar phíosa críochnaithe a gcomhpháirtí; roghnaigh siad dhá rud a thaitin leo faoin scéal agus feabhsúchán amháin a cheap siad go bhféadfaí a dhéanamh. D'éirigh na páistí cleachta ar pháirt a ghlacadh i **bpiarmheasúnú** agus ar aiseolas a thabhairt ar obair a gcomhscoláirí. Chuir na cineálacha **idirghníomhaíochtaí pleanáilte** sin ar chumas an mhúinteora measúnú a dhéanamh ar thuiscint na bpáistí ar an bpróiseas scríbhneoireachta agus ar a gcumas tabhairt faoi.



# Próiseas na scríbhneoireachta

## Faisnéis Tacaíochta

### Machnamh

- Cad é do thuairim ar Shamhail an Scaoilte Freagrachta, Céim ar Chéim a úsáid don teagasc i do sheomra ranga? Cad iad na himpleachtaí a bhaineann leis an tsamhail sin a úsáid don ghnáthchleachtas seomra ranga?
- Déan cur i láthair na bpáistí ar a gcuid insintí i bhformáidí scríofa agus digiteacha a mheas.
- Conas a mothaíonn tú faoi na deiseanna a chuir an múinteoir ar fáil don **fhéinmheasúnú** agus don **phiarmheasúnú** sa seomra ranga?
- Déan rannpháirtíocht na bpáistí leis an bpróiseas scríbhneoireachta i nGaeilge a mheas ach scrúdú a dhéanamh ar Thoradh Foghlama 7 *Próiseas na scríbhneoireachta agus ag cruthú téacs* sa snáithe scríbhneoireachta don Ghaeilge. Conas a d'fhéadfadh rannpháirtíocht na bpáistí sa phróiseas scríbhneoireachta mar a léiríodh í sa Sampla seo aistriú chuig a gcuid foghlama sa Ghaeilge? Conas a d'fhéadfadh an múinteoir ullmhú don aistriú scileanna sin ón mBéarla go dtí an Ghaeilge?



**Le féachaint ar na físeáin a bhaineann leis an bhfaisnéis tacaíochta seo cliceáil anseo.**